

MARCUS Ó LAIDHE

Bhí fear ar an gCoillín Marcus Ó Laidhe, bhi cuimse sgéalta aige. Cailleadh é tá deich mbliana fichead ó shoin. Ní raibh aon sgéal dá rabh ag imtheacht ins an áit nach raibh sé indon innseacht. Is chomh fada leis a théigheadh fear óg nuair a théigheadh sé amach. Is istigh ina theach féin a bhíodh sé a' sgéalaidheacht. Bhí sé ar dara fear ab fhearr ar an bpobal leis an bpaidrín páirteach a rá. Bhí na sean-phaidreacha uiliug aige agus an teagasg Críostaidhe. Chuala mé gurbh é ab fhearr sgéalta ins na bailte. Bhíodh muinntir an bhaile a' tigheacht ar cuairt chuige gach oidhche ag éisteacht leis.

Is clann inghine do Mharcus Ó Laidhe Pádraic Mac Con Iomaire agus Tomás Mac Con Iomaire ar an gCoillín. Tá sgéalta ag gach aon duine acab. Tá Tomás ina chainnteoir deas staidéarach ach níor fhág sé an baile ariamh. Is mó a bhí Pádraic ag plé leis an bhfairrge agus tá sé indon sgéal a innseacht, ar athrioblóid féin agus ar bhfaca sé.